01.03.2024
ESMA12-2121844265-3255

# Raon feidhme na dTreoirlínte

Maidir le suíomhanna a ríomh faoi EMIR Refit

## 1 Cé?

1. Beidh feidhm ag na Treoirlínte maidir le stórtha thrádála (TRanna) a gcláraíonn nó a n-aithníonn ESMA iad i gcomhréir le hAirteagal 55 agus le hAirteagal 77 EMIR faoi seach.

## 2 Céard?

2. Cuirtear faisnéis ar fáil sna Treoirlínte chun comhchuibhiú agus comhsheasmhacht a áirithiú maidir leis an méid seo a leanas:
   a. na ríomhanna a ndéanann TRanna iad de bhun Airteagal 80(4) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (EMIR);
   b. an leibhéal rochtana ar shuíomhanna a gcuireann TRanna ar fáil iad do na heintitis a áirítear in Airteagal 81(3) de EMIR agus rochtain ar shuíomhanna i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 151/2013[1];
   c. na gnéithe oibríochtúla le haghaidh rochtain ar shonraí suíomhanna ag na heintitis a áirítear in Airteagal 81(3) de EMIR, agus
   d. na hathruithe a tugadh isteach le caighdeáin theicniúla EMIR Refit, go háirithe Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1855 ón gCoimisiún (RTS maidir le tuairisciú), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1860 ón gCoimisiún (ITS maidir le tuairisciú) agus Treoirlínte[2] maidir le tuairisciú faoi EMIR arna bhfoilsiú ag ESMA an 14 Nollaig 2022.

## 3 Cén uair?

3. Na Treoirlínte atá ann cheana agus a bhí infheidhme ón 3 Nollaig 2018, déanfar iad a aisghairm an 29 Aibreán 2024 agus cuirfear na Treoirlínte nua ina n-ionad. Beidh feidhm acu sin ón 28 Deireadh Fómhair 2024 agus déanfar foráil leo d’idirthréimhse sé mhí.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 151/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála, i dtaca le caighdeáin theicniúla rialála maidir leis na mionsonraí íosta sonraí atá le tuairisciú chuig na stórtha trádála agus agus maidir leis na caighdeáin oibríochtúla chun na sonraí a chomhiomlánú, a chur i gcomparáid agus a rochtain, IO L 52, 23.2.2013, lgh. 33-36

[2] https://www.esma.europa.eu/sites/default/files/library/esma74-362-2281_final_report_guidelines_emir_refit.pdf